

**Ceist tosaíochta i gcomhair freagra i scríbhinn P-000246/2024
ar an gCoimisiún**

Riail 138

María Soraya Rodríguez Ramos (Renew), **Guy Verhofstadt** (Renew), **Pierre Larrouturou** (S&D), **Stelios Kypouropoulos** (PPE), **Sirpa Pietikäinen** (PPE), **Ville Niinistö** (Verts/ALE), **Izaskun Bilbao Barandica** (Renew), **Mick Wallace** (The Left), **Martin Hojsík** (Renew), **Róza Thun und Hohenstein** (Renew), **María Arena** (S&D), **Frédérique Ries** (Renew), **Francisco Guerreiro** (Verts/ALE), **Pascal Canfin** (Renew), **Petros Kokkalis** (The Left), **Jutta Paulus** (Verts/ALE), **Seán Kelly** (PPE), **Magdalena Adamowicz** (PPE), **Max Orville** (Renew), **Anja Haga** (PPE), **Rasmus Andresen** (Verts/ALE), **Karin Karlsbro** (Renew), **María Noichl** (S&D), **Caroline Roose** (Verts/ALE), **Dimitrios Papadimoulis** (The Left)

Ábhar: Príomhshruthú na bithéagsúlachta in CAI agus in Ionstraim na hEorpa Domhanda

Tá sé ríthábhachtach an dúlra a chosaint ar fud an domhain chun an t-athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta a chomhrac, agus chun paindéimí a bhaineann le zónóis a chosc. Thiomnaigh an Coimisiún 7.5 % de chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 chun cuspóirí bithéagsúlachta a bhaint amach faoi 2024, agus 10 % den chreat in 2026 agus 2027. Ina theannta sin, gheall an tUachtarán von der Leyen maoiniú idirnáisiúnta an Aontais don bhithéagsúlacht a dhúbailt.¹ Mar sin féin, léirítear i Ráiteas ar Mheastacháin 2024 ón gCoimisiún nach leor conair reatha an chaiteachais bhithéagsúlachta atá beartaithe le haghaidh 2025-2027 faoi CAI agus faoin Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda chun an sprioc maidir le maoiniú bithéagsúlachta a bhaint amach.²

1. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún a áirithiú go mbainfidh an tAontas a spriocanna amach maidir le maoiniú bithéagsúlachta faoi 2027?
2. Conas a áiritheoidh sé go rannchuideoidh Ionstraim na hEorpa Domhanda go hiomlán leis an sprioc atá leagtha síos maidir le maoiniú bithéagsúlachta idirnáisiúnta, rud a chabhróidh le tíortha comhpháirtíochta sa Domhan Theas a ngealltanais a bhaint amach faoi Chreat Domhanda Bithéagsúlachta iar-2020?
3. Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe aige tuilleadh plé a dhéanamh le toscaireachtaí an Aontais chun a áirithiú go dtabharfar tosaíocht do chosaint éiceachóras ardsláine agus do chomhtháthú na bithéagsúlachta i ngach earnáil ábhartha i gcur chun feidhme na gclár ilbhliantúil tásach (MIPanna) agus in imscaradh Global Gateway?

Curtha síos: 26.1.2024

1

https://ec.europa.eu/environment/nature/biodiversity/financing_en.htm#:~:text=The%20EU%20is%20also%20working,10%25%20in%202026%20and%202027.

2 <https://commission.europa.eu/system/files/2023-06/DB2024-Statement-of-Estimates.pdf>.